Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Samhain 2021
(OR. en)

13670/21
COR 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0218(COD)**

ENER 473
CLIMA 346
CONSOM 252
TRANS 654
AGRI 527
IND 323
ENV 834
COMPET 780
CODEC 1431
IA 184

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 10746/21 + ADD 1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 98/70/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle<br>– Tuarascáil ar dhul chun cinn |

In 13670/21 INIT,

1. Ar leathanach 3, Roinn A, is mar a leanas a léitear an chéad abairt den chéad mhír:
‘Is é tuiscint na hUachtaránachta, i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an **11** Nollaig 2020, go n-aontaíonn na toscaireachtaí gur den riachtanas é cuspóir níos airde don Aontas a bhaint amach maidir le fuinneamh inathnuaite chun spriocanna uileghabhálacha an Aontais maidir le dícharbónú a bhaint amach agus go gcuirfidís freisin le hiomaíochas agus slándáil an tsoláthair san Aontas.’

2. Ar leathanach 6, is mar a leanas a léitear an chéad abairt den chéad mhír:
   ‘Admhaíonn na toscaireachtaí i gcoitinne gur gá treá an fhuinnimh inathnuaite i bhfoirgnimh a mhéadú. Mar sin féin, tá forchoimeádais curtha in iúl ag roinnt toscaireachtaí maidir le sprioc nua tháscach an Aontais i ndáil le 49 % den úsáid fuinnimh i bhfoirgnimh an Aontais, agus measann cuid acu go bhfuil an cuspóir sin neamhréalaíoch, ach luaigh toscaireachtaí eile forálacha atá ann cheana i reachtaíocht eile amhail an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (EPBD).’

3. Ar leathanach 8, sa chéad mhír, is mar a leanas a léitear an abairt dheireanach:
   ‘Cuireadh go leor ceisteanna teicniúla maidir le cineál agus modheolaíocht ríofa na mbreisithe náisiúnta agus maidir **lena n-**idirghníomhú leis an méadú bliantúil ceangailteach.’

4. Ar leathanach 8, is mar a leanas a léitear an chéad abairt den tríú mír:
   ‘Tá amhras ar roinnt toscaireachtaí maidir leis na forálacha sin, agus go háirithe maidir leis an méadú atá á bheartú (ó 1 go 2.1 pointe céatadáin) ar an sprioc tháscach **i ndáil le sciar an fhuinnimh ó** fhoinsí inathnuaite fuinnimh agus ó dhramhtheas agus ó dhramhfhuacht i dtéamh **agus i bhfuarú** ceantair.’

---